**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Séú Dlísheomra) an 16 Márta 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla Warszawy-Woli w Warszawie – an Pholainn) – M.B., U.B., M.B. v X S.A.**

**(Cás C-6/22, [1] M.B. agus Páirtithe Eile (Éifeachtaí le neamhbhailiú conartha))**

***(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Airteagail 6 agus 7 – Éifeachtaí dearbhaithe go bhfuil téarma éagórach – Conradh iasachta morgáiste arna innéacsú d'airgeadra eachtrach – Conradh a bheith ann gan téarmaí éagóracha – Mian an tomhaltóra go ndearbhófaí an conradh a bheith neamhbhailí – An Treoir a chur i bhfeidhm tar éis neamhbhailiú an chonartha – Cumhachtaí agus oibleagáidí na cúirte náisiúnta)***

(2023/C 164/17)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy dla Warszawy-Woli w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* M.B., U.B., M.B.

*Cosantóir:* X S.A.

**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le hAirteagal 6(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   i gcás ina ndearbhaítear conradh arna thabhairt i gcrích idir tomhaltóir agus díoltóir nó soláthróir a bheith neamhbhailí ós rud é go bhfuil ceann dá théarmaí éagórach, is faoi na Ballstáit atá sé, trína ndlí náisiúnta, foráil a dhéanamh maidir le héifeachtaí na neamhbhailíochta sin, i gcomhréir leis an gcosaint a thugtar don tomhaltóir leis an Treoir sin, go háirithe, trína áirithiú go n-athbhunófaí an staid dhlíthiúil agus fhíorasach ina mbeadh sé mura mbeadh an téarma éagórach sin ann.

2. Maidir le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leo ar an gcúirt náisiúnta, ar an gcéad dul síos, scrúdú ex officio a dhéanamh, lasmuigh d'aon saincheart a thugtar di leis an dlí náisiúnta chuige sin, ar staid airgeadais tomhaltóra a d'iarr neamhbhailiú an chonartha idir é féin agus díoltóir nó soláthróir mar gheall ar théarma éagórach a bheith ann nach bhféadfadh an conradh leanúint de bheith ann go dlíthiúil dá uireasa, fiú más rud é go bhféadfadh an neamhbhailiú sin an tomhaltóir a nochtadh d'iarmhairtí thar a bheith dochrach agus, ar an dara dul síos, diúltú an neamhbhailiú sin a dhearbhú i gcás inar lorg an tomhaltóir é go sainráite, tar éis dó a bheith curtha ar an eolas go hoibiachtúil agus go cuimsitheach faoi na hiarmhairtí dlíthiúla agus na hiarmhairtí airgeadais thar a bheith dochrach a d'fhéadfadh a bheith aige dó.

3. Maidir le Airteagal 6(1) de Threoir 93/13,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leis ar chúirt náisiúnta, tar éis di a chinneadh go bhfuil téarma i gconradh arna thabhairt i gcrích idir díoltóir nó soláthraí agus tomhaltóir éagórach, a bheith in ann na bearnaí a eascraíonn as deireadh a chur leis an téarma éagórach atá ann a líonadh trí fhoráil den dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm nach féidir a shaintréithriú mar fhoráil fhorlíontach. Mar sin féin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé, agus a dlí náisiúnta ina iomláine á chur san áireamh, na bearta uile is gá a ghlacadh chun an tomhaltóir a chosaint ó na hiarmhairtí thar a bheith dochrach a d'fhéadfadh a bheith i gceist le neamhbhailiú an chonartha ina leith.

[1] IO C 158, 11.4.2022.